Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Samhain 2023**
**(OR. en)**

**14381/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0364 (NLE)**

**AELE 43**
**EEE 41**
**N 96**
**ISL 55**
**FL 34**
**MI 949**
**SOC 744**
**EMPL 531**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, laistigh de Chomhchoiste LEE a bhaineann leis an leasú ar Iarscríbhinní V (Saorghluaiseacht oibrithe) agus VI (Slándáil shóisialta) agus Prótacal 31 (Maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse) a ghabhann le Comhaontú LEE (An Rialachán maidir leis an Údarás Eorpach Saothair) |

**CINNEADH (AE) 2023/... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh,
laistigh de Chomhchoiste LEE a bhaineann leis an leasú ar Iarscríbhinní V
(Saorghluaiseacht oibrithe) agus VI (Slándáil shóisialta)
agus Prótacal 31 (Maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse)
a ghabhann le Comhaontú LEE
(An Rialachán maidir leis an Údarás Eorpach Saothair)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 46 agus 48, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 2894/94 ón gComhairle an 28 Samhain 1994 maidir le socruithe le haghaidh chur chun feidhme an Chomhaontaithe maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch[1], agus go háirithe Airteagal 1(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

---

1 IO L 305, 30.11.1994, lch. 6.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Comhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch[1] ('Comhaontú LEE') i bhfeidhm an 1 Eanáir 1994.

(2) De bhun Airteagal 98 de Chomhaontú LEE, féadfaidh Comhchoiste LEE a chinneadh, *inter alia*, Iarscríbhinní V (Saorghluaiseacht oibrithe) agus VI (Slándáil shóisialta) agus Prótacal 31 (Maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse) a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú.

(3) Rialachán (AE) 2019/1149 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], ba cheart é a ionchorprú i gComhaontú LEE.

(4) Iarscríbhinní V (Saorghluaiseacht oibrithe) agus VI (Slándáil shóisialta) agus Prótacal 31 (Maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse) a ghabhann le Comhaontú LEE, ba cheart, dá bhrí sin, iad a leasú dá réir sin.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, seasamh an Aontais laistigh de Chomhchoiste LEE a bheith bunaithe ar an Dréachtchinneadh atá i gceangal,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

1 IO L 1, 3.1.1994, lch. 3.

2 Rialachán (AE) 2019/1149 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena mbunaítear Údarás Eorpach Saothair, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 883/2004, (AE) Uimh. 492/2011, agus (AE) 2016/589 agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) (2016/344, IO L 186, 11.7.2019, lch. 21).

*Airteagal 1*

An seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais, laistigh de Chomhchoiste LEE, i ndáil leis an leasú atá beartaithe ar Iarscríbhinní V (Saorghluaiseacht oibrithe) agus VI (Slándáil shóisialta) agus Prótacal 31 (Maidir le comhar i réimsí ar leith lasmuigh de na ceithre shaoirse) a ghabhann le Comhaontú LEE, is ar an Dréachtchinneadh ó Chomhchoiste LEE atá i gceangal leis an gCinneadh seo a bheidh sé bunaithe.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá a ghlacfar é.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, ...

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*